

☼ An Lúibín ☼

25 Bealtaine 2020

Cnámha an Domhnallaigh

Spanish archaeologists hope they will find the bones of Aodh Rua Ó Domhnaill, persistent enemy of Elizabeth I, in Valladolid. He was buried there in a monastery (now demolished) in 1602 after a splendid funeral; the archaeologists think they are close to his grave.

In 1602, tar éis dhíomua Chionn tSáile, bhain Aodh Rua Domhnaill an Spáinn amach agus é ag iarraidh saighdiúirí a fháil ó Philip II chun na Sasanaigh a ionsaí in Éirinn. Fuair sé bás ar an mbealach go Valladolid in iarthuaisceart na Spáinne i Mí Iúil. Níor thug Pilib na saighdiúirí dó ach thug sé sochraid thaibhseach dá chorp, mar a deir na Ceithre Máistrí.

Rugadh a chorp go hUalladolid (go cúirt an rí) i gceathair-riadh cumhdachta go ndrongaibh díríomhtha de Státa, de chomhairle agus de gharda an rí ina urthimpeall go lóchrannaibh lasamhnaibh, go sudrallaibh solastaibh de chéir chaomhálainn ar comhblasadh dá gach leith de. Do adhlacadh iaramh i Mainistir S. Froinsis sa gCaibidil de shonra go miadhach mór onórach ionnas is áirmhí do adhlacadh aon neach de Ghaelaibh riamh. Do ceiliúradh aifrinn agus hymna iomdha, claisceadail agus caintaicí ceolbhinne do rath a anma, agus do gabhadh a éagnairc amhail do ba dí. ¹

Rugadh a chorp go Valladolid (go cúirt an rí) i gcóiste clúdaithe ceithre roth agus dronga do-áirithe d'oifigigh stáit, de lucht comhairle agus de gharda an rí ina thimpeall le lóchrainn lasartha, le tóirsí solasta de chéir álainn ar comhblasadh ar gach taobh de. Adhlacadh ansin é i Mainistir San Proinsias sa Chaibidil go mórmheasúil onórach ar an dóigh ba shollúnta inar adhlacadh aon duine duine de na Gaeil riamh. Ceiliúradh mórán aifreann agus iomann, claisceadal agus caintaicí ceolbhinne do rath a anma, agus gabhadh a éagnairc mar ba chú. ¹



Valladolid, 1574 (léaráid le Frans Hogenborg)

Wikimedia Commons

Cuireadh Aodh Rua Ó Domhnaill i mainistir Naomh Proinsias i Valladolid in 1602; cailleadh a uaigh in 1836 nuair a leagadh an mhainistir. Tá seandálaithe ag tochailt faoi láthair in Calle de la Constitución, sráid ar theorainn na seanmhainistreach, agus ar an gcúigiú lá den tochailt tháinig siad trasna ar chnámha – cnámh na leise, cuid de bhlaosc agus roinnt iarsmaí eile. Fiú mura le hAodh Rua a bhaineann siad, is dóigh leis na seandálaithe go bhfuil siad ag druidim isteach ar áit adhlactha an fhir féin. ²

Leagadh an mhainistir de thoradh ‘desamortización’: ghabh an stát seilbh ar mhaoín agus ar thailte na ‘lámh marbh’ (*manos muertas*) – an Eaglais agus na hoird reiligiúnda a bhí ag cruinniú sealúchas mór leis an céadta bliain, rud nár thaitin leis an rialtas liobrálach nua a bhí i réim ag an am. Cuireadh talamh na mainistreach ar ceant agus rinneadh carn cloch de na foirgnimh: tógadh ceantar nua ina n-áit. Rinne an pobal dearmad de na huaigheanna a bhí ann, ach tá na seandálaithe ag gairm na staire aníos chucu.

¹ CELT: The Corpus of Electronic Texts: *Annála na gCeithre Máistrí*, M1602.5: <https://celt.ucc.ie/published/G100005F/index.html>

² Ronan McGreevy, ‘Spanish archaeologists recover bones in search for remains of Red Hugh O’Donnell,’ *Irish Times*, 23/5/20: <https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/spanish-archaeologists-recover-bones-in-search-for-remains-of-red-hugh-o-donnell-1.4259973>



Mionsamhail d'éadan mhainistir
Naomh Proinsias mar a bhí sé san
18ú haois. (Lourdes Cardenal a rinne.)
Wikimedia Commons

Beidh a fhios acu go bhfuil iarsmaí an Domhnallaigh faighte acu má fhaigheann siad cnámha gan ordóga na coise. Chaill sé iad tar éis dó dó seaca a thógáil agus é ag éalú ó Chaisleán Bhaile Átha Cliath i ngeimhreadh géar na bliana 1592.

Do chuaidh Aodh Ó Domhnaill go hÁth Seanaigh arís, agus do thug lianna do leigheas a chos, agus níor fhéadadar leigheas dó gur dhealaíodar a dhá órdóg [coise] leis, agus ní raibh sé óghshlán go deireadh bliana.³

Creideann na seandálaithe gur cuireadh Críostóir Colambas san áit chéanna, cé go bhfuil scéal ann gur aistríodh a chorp go dtí Sevilla agus ina dhiaidh sin go dtí an Phoblacht Dhoiminiceach.



An scríbhneoir Gaeilge 1.

The publisher Cois Life, after putting out many fine books, closed in 2018. Its directors had already written about the problems facing Irish language publishers – the lack of educated readers, the lack of reviews and publicity. The director of another publisher (Leabhar Breac) has noticed an improvement in all these areas. What is still lacking is a statistical analysis of the market.

Bhí Cois Life ann tráth den saol: foilsitheoir Gaeilge d'ardchaighdeán agus é á stiúradh ag Caoilfhionn Nic Pháidín agus ag Seán Ó Cearnaigh. Dúnadh é in 2018, ach roimhe sin dhíol sé 104,800 leabhar – sin 155 teideal agus 74 údar, agus 120 de na teidil fós i gcló nuair a druideadh na doirse.

Bhí a lán cúiseanna leis an dúnadh. Luaigh na stiúrthóirí crapadh na Gaeilge, an iomarca riaracháin, easpa scríbhneoirí agus eagarthóirí oilte, agus easpa léitheoirí agus léirmheastóireachta. Deacrachtaí iad ar chuir na stiúrthóirí síos orthu chomh luath le 2006. Tosnaíonn siad le fógra dána.

Is ar éigean má tá dhá chéad duine fós ann a léann cúpla saothar féin sa Ghaeilge nach mbaineann le dualgais a bpost ná a gcuid staidéir, agus tá a bhformhórsan ar a bpinsean... An fhírinne lom ná gur beag margadh atá ann lasmuigh de chúrsaí tríú leibhéal.⁴

Deir siad go raibh na margaí liteartha dlúthnasctha riamh le tionscal na foghlama i gcás na Gaeilge. Ach níl Gaeilge na mac léinn le moladh: is deacair leo roinnt mhaith de leabhair Ghaeilge agus leisce ar léachtóirí dá réir iad a roghnú do chúrsaí. Deir Nic Pháidín agus Ó Cearnaigh, mar sin féin, go bhfuil céatadán suntasach de mhic léinn ann a bhfuil ardcileanna Gaeilge acu, go háirithe ó thaobh na teanga scríofa de. Deir siad nach mór cithromaíocht acadúil a aimsiu freisin ar chláir léinn idir clasaici an lae inné agus na saothair nua.

³ CELT: The Corpus of Electronic Texts: *Annála na gCeithre Máistrí*, M1592.12:
<https://celt.ucc.ie/published/G100005F/index.html>

⁴ Seán Ó Cearnaigh agus Caoilfhionn Nic Pháidín (2006), Réamhrá, 'Pláinéad Uaigneach – Prós na Gaeilge'. *Léachtaí Cholm Cille*, xxxvi: lch 11: http://doras.dcu.ie/17687/2/LCC_2006_S%C3%93C%26CNP.pdf

Fiú in 2006 bhí inní orthu faoi thitim i gcaighdeán na scríbhneoireacht agus na léitheoireachta ar an trú leibhéal. A mbarúil gur beag céimí óg a bhí inniúil ar bhlúire simplí cumarsáide scríofa a dhéanamh go cruinn i nGaeilge. Bhí súil acu, mar sin féin, 'go dtiocfadh an lá go mbeadh daltaí ag dul isteach sna meánscoileanna agus Gaeilge líofa acu, go mbeadh mic léinn ag dul isteach sna hollscoileanna agus sna coláistí oiliúna le hardchaighdeán líofachta agus go mbeadh éileamh arís ar leabhair Ghaeilge d'ardchaighdeán'.

Maíonn siad nach bhfuil an t-aos óg, fiú iadsan a thógtar le Gaeilge nó a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge, ar a suaimhneas ag léamh na Gaeilge. B'fhearr leo an bhéim a chur ar shaothair ghearra soiléite. (Tá gá lena leithéid, cinnte, ach gan leabhair atá deacair ó thaobh stíle nó ábhair a bheith thíos ar fad leis.) Agus, mar is gnách, tarraingítear aird ar an ngá atá le tacaíocht stáit. Fiú i mBéarla (a deir siad) ní mór taca a thabhairt d'fhoilsitheoirí drámaíochta agus filíochta; ní mór béim a chur ar an gairmiúlacht agus ar an ráthúlacht maidir le foilsitheoirí Gaeilge.

Is díol spéise iad, mar sin, tuairimí an fhoilsitheora Darach Ó Scolaí.⁵ Leag Nic Pháidín agus Ó Cearnaigh an ghnáthbhéim ar an easpa léirmheastóireachta a dhéantar ar leabhair Ghaeilge, ar na fadhbanna a bhaineann le cúrsaí dáileacháin agus ar dheacrachtaí poiblíochta. Dúirt siad gurb iondúil nach ndíoltar ach 200–800 cóip de leabhar Gaeilge. Tá Ó Scolaí i gceannas Leabhar Breac agus deir sé go bhfuil ardú leanúnach tagtha ar dhíolachán leabhar le cúig bliana anuas. Is dóigh leis go bhfuil ag éirí le scríbhneoirí a lucht léitheoireachta féin a mhealladh agus go bhfuil baint mhór ag clubanna leabhar leis an scéal.

Maíonn sé go bhfuil an-bhaint ag na siopaí leabhar le borradh na léitheoireachta, cé go mbíonn síorghearán á dhéanamh faoin gcaoi a gaitheann na siopaí úd le leabhair Ghaeilge. Tá cabhair á fáil ó MeasMedia, comhlacht margáíochta a n-úsáideann na foilsitheoirí Gaeilge chun stocaireacht a dhéanamh. Tá slí á cur ar fáil sna siopaí is fearr agus déantar na leabhair Ghaeilge is fearr díol a athordú.

Is maith an scéal é sin. Ná dearmaidís, áfach, céard a dúirt Nic Pháidín agus Ó Cearnaigh: tá na milliúin euro infheistithe ag an Stát i scríbhneoireacht agus i bhfoilsitheoireacht na Gaeilge, agus níl oiread is tuarascáil chuimsitheach amháin againn a thugann léargas anailíseach ar a bhfuil á scríobh, á fhoilsiú agus á léamh i nGaeilge.



Creachairí, dohráin, éanlaithe

Nature and its human aspect in a 14th century bardic poem, centred around Lough Key.

Sna dánta Gaeilge is luaithe is mó a luaitear an dúlra; ní téama é atá chomh coitianta sin i bhfilíocht na hardmheánaoise. Cuid suntais é, mar sin, na línte thíos agus iad le fáil i ndán a chum Aingleach Ó Domhnalláin d'Aodh Mac Diarmada (fl. 1393). B'fhéidir gur cumadh é nuair a rinneadh réiteach síochána in 1377 idir Aodh agus Ruaidhrí Ó Conchúir, rí Chonnacht. Bhí Míc Dhiarmada ina ríthe ar Magh Loirg i dtuaisceart Chontae Ros Comáin agus caisleán acu ar Charraig Loch Cé.

An loch féin is príomhábhar do na ranna seo – na creachairí agus a gcuid ártach, na buachaillí i mbun iománaíochta ar an trá, na dohráin agus ceol na héanlaithe. Bhí dlúthbhaint ag an greachadóireacht le seansaol na nGael – nós nach molfaimisne ach nós a bhí fréamhaithe i gcultúr na laochra.

Tá an dán scríofa i *ndeibhidhe*, an ceann is coitianta de na seanmheadrachaí casta. Tá seacht siolla i ngach líne agus fuaimnítear gach consan. (Tá breis eolais le fáil sa Vicipéid faoin meadracht seo agus faoin bhfilíocht shiollach i gcoitinne: féach https://ga.wikipedia.org/wiki/Fil%C3%ADocht_shiollach_na_Gaeilge.) Déantar tagairt don loch mar fhocal baininsneach sa dán ('feada a dóbhrán'); a mhalairt a dhéantar sa leagan Nua-Ghaeilge. Tá an sliocht seo thíos bainte as eagrán den dán i dtráchtas le Mícheál Hoyne (Coláiste na Tríonóide, 2014).⁶

Fan loch mar leigid sirthe
lá ciúin is cúis ghairdighthe
bró eathar is bárc mbeannach

fan trácht leathan
laoidheangach.

Gáir mhacradh ag breith bháire

⁵ Darach Ó Scolaí, 'Creidim go bhfuil foilsitheoirí na Gaeilge ar thob dul chun cinn mór a dhéanamh,' *Tuairisc.ie*, 8 Bealtaine 2020: <https://tuairisc.ie/creidim-go-bhfuil-foilsitheoiri-na-gaeilge-ar-thob-dul-chun-cinn-mor-a-dheanamh/>

⁶ Mícheál Hoyne: Tráchtas PhD 2014, Coláiste na Tríonóide: 'Seven Bardic poems to the Meic Dhiarmada of Magh Luirg': <file:///C:/Users/AnneH/Downloads/Hoyne%20TCD%20THESIS%2010237%20Seven%20Bardic.pdf>

ar a tráichtaibh taobháille,
cluig bhionnghlana láimh re
loch,
gáir iomramha na n-árthrach.

Is cuid dá ceolaibh maithe
oirfideadh a héanlaithe,
feada a doibrán ndonnglan
ndubh

's comhrádh orlamh a healtan.
*Feadh an locha lá ciúin, is cúis ghairdis
conas a ligeann creachairí brú bád is bárc
beannach feadh na trá leithne longmhaire.*

*Gáir mhacra ag breith báire ar a thránna
áille, cloig bhinnghlana láimh le loch, gáir
á déanamh agus na hárthaigh á n-
iomramh.*

*Is cuid dá cheolta maithe oirfide a
éanlaithe, feada a dhobhrán donnglan
dubh, agus comhrá éasca a ealta.*



Beirt bhan mhisiúla

Iran is strikingly diverse socially and culturally, and Iranians welcome visitors. But Iran has also endured two repressive regimes – that of the Shah (overthrown in 1979) and that of the present religious hardliners. Two very different women have suffered from this: the Australian academic Kylie Moore-Gilbert and the Iranian human rights lawyer Nasrin Sotoudeh.



Tehran

Wikimedia Commons

Is iontach an tír í an Ioráin. Tír ileitneach (níl ach 61% den daonra ina bPeirsigh) a fhearann míle fáilte roimh an gcuariteoir. Dúchas saibhir ilghnéitheach aici agus an-éagsúlacht shóisialta – liobrálaiigh agus coimeádaigh, coirpigh, scríbhneoirí, ceoltóirí, striapacha, scannánaithe, ealaíontóirí, lucht déanta pornagrafaíochta, seanmóirithe cráifeacha. Aicme ghustalach ann nach dada acu seal saoire a chaitheamh i bPáras. Daoine óga ar maith leo spraoi neamhdhleathach, daoine óga eile a bhaineann le mílistí. Sa rialtas fein tá pragmataigh agus dochtairí, ach is iad na dochtairí atá in uachtar. Threascair an Réabhlóid Ioslamach rialtas ansmachtúil an Shah in 1979 agus ba ghearr go éirigh an rialtas nua chomh hansmachtúil céanna.

Le tamall anuas tá aird á tabhairt ag lucht cearta daonna ar chás beirt bhan a tharraing colg na n-údarás orthu féin, go feasach nó go neamhfheasach: Kylie Moore-Gilbert agus Nasrin Sotoudeh. Tá an-difriocht eatarthu.



Kylie Moore-Gilbert


Wikimedia Commons

Bhain Moore-Gilbert céimeanna amach in Ollscoil Melbourne agus in Ollscoil Oxford sular ceapadh í ina léachtóir i léann Ioslamach in Ollscoil Melbourne. Gabhadh í i Mí Mheán Fhómhair 2018 tar éis di dul go dtí an Ioráin agus cuireadh faighte aici chun

freastal ar chomhdháil ann. Chaith roinnt daoine eile (chomhthoscairí agus agalláí) amhras uirthi agus thóg na Gardaí Réabhlóideacha in aerphort Tehran í. Cuireadh triail rúnda uirthi agus gearradh príosún deich mbliana uirthi as spaireacht, ach theip ar na húdaráis aon fhianaise a fhoilsiú.

Chuir sí roinnt litreacha amach go rúnda ag cur síos ar an ainnis atá á fulaingt aici – gaibhniú aonair ar feadh roinnt míonna, easpa bia, cógais agus airgid. Deir rialtas na hAstráile gur fearr leo dul i gcomhairle le rialtas na hIoráine faoin scéal in áit raic a thógáil; deir daoine eile gur fearr an raic ná comhrá gan éifeacht, go háirithe nuair is cosúil gur beag an smacht atá ag an Aire Gnóthaí Eachtracha san Ioráin ar an Gardaí Réabhlóideacha – dream atá tugtha don amhras mire. Déarfá go bhfuil inní éigin orthu sin sa chás seo, ó tá diúltaithe acu Moore-Gilbert a scaoileadh isteach sa ghnáthphríosún ón dianghébheann. Is minic stailc ocrais déanta aici, agus níl sí ró-shásta le cabhair a rialtais féin. Tá sé ráite aici gur dhiúltaigh sí do thairiscint dul i mbun spaireachta do na hIoránaigh. Deir sí nach spaire í agus níorbh ea riamh.

Más duine ón taobh amuigh í Moore-Gilbert, duine ón taobh istigh is ea Nasrin Sotoudeh. Dealraíonn sé gur de thimpiste a tháinig Moore-Gilbert i bpráinn; thug Sotoudeh dúshlán na n-údarás riamh. Dlíodóir cearta daonna í: chosain sí gníomhaithe agus polaiteoirí freasúra, agus cimí a daoradh chun báis as coireanna a rinne siad agus iad ina mionaoisigh. Chomh maith leis sin, chosain sí mná a chonaictheas os comhair an tsaoil gan hidseab, rud atá i gcoinne an dlí.



Nasrin Sotoudeh
Wikimedia Commons

Gabhadh í i Mí Mheán Fómhair 2010 agus é curtha ina leith go ndearna sí bolscaireacht agus comhcheilg chun díobháil a dhéanamh do shlándáil an stáit. In 2011 gearradh príosún aon bhliain déag uirthi, coisceadh uirthi an dlí a chleachtadh agus dúradh léi nár fhéad sí an tír a fhágáil go ceann fiche bliain. Rinneadh athchomharc agus rinneadh maolú ar an mbreithiúnas: príosún sé bliana agus cead aici an dlí a chleachtadh i gceann deich mbliana. Ach thángthas sa tóir uirthi arís: tógadh í in 2018 agus in 2019 gearradh príosún 38 mbliana uirthi agus 148 leadhb fuipe.

Ní breith í a thaitin le Lárionad na gCearta Daonna san Ioráin. Dúirt Hadi Ghaemi, stiúrthóir feidhmiúcháin, gur dhócha gur tugadh an bhreith i ngeall ar an gcosaint a rinne Nasrin Sotoudeh ar mhná a bhí i gcoinne an hidseab, rud ba léir ó chúisimh ar nós Sotoudeh a bheith ina ball de ghrúpa cearta daonna nó truailliú agus striapachas a ghríosú.

Tá suim á cur ag Amnesty International sa dá chás seo. Cuimhnimis ar na mná sin mar bheirt as na táinte a bhfuil éagóir déanta orthu agus ní san Ioráin amháin é.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun
rianach@optusnet.com.au.**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to
rianach@optusnet.com.au.*

Trí dhán le Colin Ryan

Caite

D'iompaigh an cailín ort
ag cúinne na sráide
agus d'éirigh an t-am a d'imigh
aníos de gheit: chuimhnigh tú
ar a leithéid siúd fadó
na súile lán de mhearbhall na hóige

d'athraigh na soilse
is a haghaidh ar am nárbh fhéidir
a shamhlú: duilleoga feoite
fágtha ar an gcosán
an préachán ag réabadh
iarmhairt an lae

Na folacháin

ag déanamh na bhfolachán
a bhíodar
de chosa meara ó thor go tor
go titim na hoíche
agus scaipeadar
ag fágáil ina ndiaidh na taise
a bhí folaithe riamh ann
faoi aimhréidhe ard na gcrann
ag rince léi féin
ag imeacht go grod
ó sholas go dearmad

Fanacht

Bhí an doras ar oscailt
agus béile gan ithe ar an mbord
an páipéar caite i leataobh
lán de sheanscéalta
chualamar guth sa seomra leapa
agus ní bhfuairamar ann
ach solas scagtha na gréine
agus leabhar leathléite
sinn ag fanacht sa chlós le deireadh an lae
ag fanacht leo siúd nach dtiocfadh

